CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 137/24
Lucsamburg, an 11 Meán Fómhair 2024

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta i gCás T-494/22 | NSD v an Chomhairle

# An cogadh san Úcráin: deimhníonn an Chúirt Ghinearálta na bearta sriantacha a glacadh i gcoinne chuideachta airgeadais na Rúise NSD

*Ní mór d'údaráis náisiúnta a chuireann bearta sriantacha chun feidhme a áirithiú go gcomhlíonann an cur isteach ar cheart chun maoine na gcustaiméirí atá ag gnóthas atá faoi réir na mbeart sin i gcomhréir leis an gCairt*

Is cuideachta Rúiseach é NKO AO National Settlement Depository (NSD). Cuireann sé seirbhísí cartlannaithe agus seirbhísí cumhdaigh ar fáil mar thaisclann lárnach. Soláthraíonn sé seirbhísí airgeadais freisin, go háirithe mar eagraíocht chreidmheasa neamhbhainc atá ceadúnaithe chun seirbhísí socraíochta bainc a sholáthar.

I mí an Mheithimh 2022, cuireadh NSD ar liostaí na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh mar fhreagairt ar fhogha na Rúise faoin Úcráin, agus reodh a cistí agus a hacmhainní eacnamaíocha. Áiríodh é ar na liostaí seo ar an bhforas go raibh ról ríthábhachtach aige i bhfeidhmiú chóras airgeadais na Rúise, agus dá bhrí sin, cuireadh tacaíocht ábhartha nó airgeadais ar fáil do rialtas na Rúise.

Iarrann NSD ar Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh go gcuirfí na lenar áiríodh agus lenar coinníodh a ainm ar liostaí na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach ar neamhní.

Lena breithiúnas a tugadh inniu, **déanann an Chúirt Ghinearálta caingean NSD a dhíbhe**.

Measann an Chúirt, ar dtús, nár léirigh NSD go ndearna an Chomhairle earráid agus í ag cinneadh gur institiúid airgeadais é an gnóthas sin lena ngabhann tábhacht shistéamach agus **ról ríthábhachtach aici maidir le feidhmiú chóras airgeadais na Rúise**.

Ina dhiaidh sin, tugann an Chúirt dá haire go gcuireann NSD seirbhísí airgeadais ar fáil a bhfuil luach suntasach ag baint leo do rialtas na Rúise agus do Bhanc Ceannais na Rúise araon, agus go bhfuil tábhacht ar leith ag baint lena rannchuidiú níos leithne le feidhmiú cuí chóras airgeadais na Rúise. Dá bhrí sin, cuireann an gnóthas sin **tacaíocht ábhartha nó airgeadais atá suntasach go cainníochtúil agus go cáilíochtúil ar fáil do Rialtas na Rúise, trína chur ar a chumas ina acmhainní airgeadais agus é mar aidhm aige a ghníomhaíochtaí a shaothrú chun an Úcráin a dhíchobhsú**.

Ar deireadh, maidir le hargóint NSD go raibh calcadh cistí agus acmhainní eacnamaíocha a chustaiméirí i gceist leis na bearta sriantacha a forchuireadh air, nach bhfuil faoi réir na mbeart sin agus, dá bhrí sin, sárú ar a gcearta maoine, cuireann an Chúirt in iúl nach féidir le NSD brath, ina caingean le haghaidh neamhniú ar cheart maoine nach bhfuil aige. Mar sin féin, agus scrúdú á dhéanamh acu ar iarraidh chun sócmhainní na gcustaiméirí sin a scaoileadh, faoi mhaolú arna leagan síos ag an gComhairle chun **na críche sin**, ní mór do **na húdaráis náisiúnta**, atá freagrach as na bearta sriantacha a chur chun feidhme, **a áirithiú go bhfuil an cur isteach ar cheart chun maoine na gcustaiméirí lena mbaineann i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 52 de**

**Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh**. Tá leigheasanna dlí ar fáil do na custaiméirí sin os comhair na gcúirteanna náisiúnta freisin chun sárú ar a gceart chun maoine a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha a éileamh.

**NÓTA:** Le caingean le haghaidh neamhniú, iarrtar go gcuirfí ar neamhní gníomhartha institiúidí an Aontais Eorpaigh atá contrártha do dhlí an Aontais. Faoi choinníollacha áirithe, féadfaidh na Ballstáit, na hinstitiúidí Eorpacha agus daoine aonair caingean le haghaidh neamhniú a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta. I gcás ina bhfuil bunús maith leis an gcaingean, cuirfear an gníomh ar neamhní. Ní mór don institiúid lena mbaineann aon fholús dlíthiúil a chruthaítear le neamhniú an ghnímh a réiteach.

**NÓTA:** Laistigh de dhá mhí agus deich lá tar éis an bhreith a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne a bheith curtha in iúl, féadfar achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreith na Cúirte Ginearálta.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Foilsítear an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**